

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/1325 ÓN gCOIMISIÚN**  
**an 23 Meitheamh 2023**

**lena bhformheastar leasuithe ar an tsonraíocht ar shonrúchán tionscnaimh faoi chosaint nó ar thásc geografach faoi chosaint ('Extremadura' (TGFC))**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margáí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 <sup>(1)</sup> ón gComhairle, agus go háirithe Airteagal 99 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Tá scrúdú déanta ag an gCoimisiún ar an iarratas ar leasuithe a fhormheas ar thásc geografach faoi chosaint 'Extremadura', a chuir an Spáinn ar aghaidh i gcomhréir le hAirteagal 105 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013.
- (2) D'fhoilsigh an Coimisiún an t-iarratas ar fhormheas ar na leasuithe ar an tsonraíocht in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* <sup>(2)</sup>, mar a cheanglaítear le hAirteagal 97(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013.
- (3) Níl aon ráiteas agóide faighte ag an gCoimisiún faoi Airteagal 98 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013.
- (4) Dá bhrí sin, ba cheart na leasuithe ar an tsonraíocht a fhormheas i gcomhréir le hAirteagal 99 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013.
- (5) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Chomheagrú na Margáí Talmhaíochta,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Tá na leasuithe ar an tsonraíocht a foilsíodh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* maidir leis an ainm 'Extremadura' (TGFC) formheasta anois.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

<sup>(1)</sup> IO L 347, 20.12.2013, lch. 671.

<sup>(2)</sup> IO C 40, 2.2.2023, lch. 8.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Meitheamh 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin,*  
*Thar ceann an Uachtaráin,*  
Janusz WOJCIECHOWSKI  
*Comhalta den Choimisiún*

---